

FIOS FAOI DHONACHADH MÓR AGUS DÁN A RINNE BEAN DHONACHADH.

Thoir i mBéul a Chluga abhí comhnuidhe ar Dhonnachadh Mór agus ar a dhreáthair An Mucán. Fear maith abhí in Donnachadha ach droch fhear abhí sa Mucán. Bhí an Mucán saidhbhir agus Donachada bocht. Bhí an Muchán i gcomhnuidhe ag iarradh chuile shórt a chur as do Dhonachada. An lá seo chuir an Mucán fios ar daoineibh móra chun dinnéir ag Donachadha. Ní raibh aon bhlas ag Donachada le na naghaidh ach caora dhubh. Nuair nach raibh aon bhlas le deanamh aige chuaidh sé síos go dtí an áit a raibh leachta agus rinne sé dán. (Ní'l a dán seo ag Micilín) Sé an tainm atá ar a leachta seo leachta Dhonachada.

Nuair abhí an dán deanta d'oscail portach aníos as an bfarrige, sé an tainm atá ar a' bportach seo Portach Donachadha. Tháinig bád fada aníos an portach agus í lochtuighthe le chuile short a dhfeil dho dhuine uasal a leagan ar bhord aige. Nuair abhí an bád foluighthe aige tháinig neach chomh fada leis agus dubhairt sé mar seo. "Tá rán in do dhán a Dhonachadha". "Cé'n áit ann" adeir Donachadha. "An té mbeidh an dán aige a Dhonachadha beidh an rán aige agus an té mbeidh an rán aige beidh an dún aige agus rud a bith iarrfas tusa anois tá sé le fágáil a'd." "Séur d iarrfas mé" adeir Donachadha "naoi naonbhar dhein mhuinntir is ghoire dhom i ngaol a bheith an aonfeacht liom 'sna Flathais." "Dá niarrfá siol Ádhamh " adeir a neach bhí sé le fágáil a'd a Dhonnachadha Mhóir an chroidhe bhig."

Nuair abhí an dinnéir dhá chaitheamh ansoin bhí file ann agus dubhairt sé "is maraig nach gceangluigheann a chiall agus nach sraon le na ghuth anois ó tháinig an fialcas nach maith a bidh í an chaora dhubh.

II.

Bhí bean ag Donachadh. Nuair abhí sé ag iarradh na naoi naonbhar an aonfeacht leis 'sna Flathais níor chuimnigh sé ar a mbean chor a bith. Bhíodh sí gcomnuidhe ag easgaoine. Sein leitheadanta- mion abhí aice "na'r fheicfidh mo shúil Dia."Nuair a cailleadh í chuaidh sí chomh fhada le doras na Blaitheas ní ligfí isteach í mar gheall ar an miona abhí aici agus bhí Donachadha istigh. Dubhairt sí ansoin mar seo:-

"Is doiligh liom an pháis siúd shíos

in eochair mic na hoige mine.

Faoi clampar ag damnuighadh daoine

leagadh crois éudach lín air.
'Sa brat rúna le na thaobh sin
Sleagh géar faoi mhórán faobhair
Fuil do thaoibh a tigheacht go taosgbhar
Nach áithmhéil díb a daoine meara
Thug a sampla sin dhá nathair
Lán dhe tháirní agus iad scaipighthe
gasuir dhá mbualadh agus dhá marbhughadh.
Agus mo thruagh ghear gach beart acab.
Ní do luigh bhí tú ar do leabaidh
i gcluthmhach na néun na i néaduigh daiththe.
Gradh cléibh na srathríadh sa dath sin.
Céud glóire leat fhéin d'éirigh tú astab.
Osluigheadh doirse na nglas duit.
Thug tú na mór sluaigh amach leat
locht na sé naimsir nú seacht leat
gur 'sa tsaoire gnidheas na gnaithe failigheach
Do chuid feola na spólaí caola
Gruaig do chinn dhá tarriungt ins dualaoithe
An Slanuigheadhóir is é na bhalla, is é le colú cloc 'na sheasamh
Dé hAoine bhí tú tartmhar is ait a deoch a thug siad le do thart dhuit
domlas aobha dragúnn thalamh
ar sáile i mbarr a phúcáin mhaga
thomadar do léine ansoin go farsaing
i glé is go mbeadh sí 'do leagan
do chrois thuas ar do ghuailí geala
do choroin spion as cionn do bhathais
Creach a dheanamh nach ndéantar aithris
An faoisdean's a faoileach gan aithris
Nior rinne mé 'riamh a tseirbhís ceart dhuit
mar a ndeanfainn bréaga nú brudúil

nú dul a seanadh mo bhaiste nú briseadh caraos na ndeochan fada

gur b'é Dia a gnidheas deasachaí dhe'n gheabhar

Sé bheireans a tiasg in ionad aithri

Sé bheir soilse i ngrian 's i ngeallaigh

An téan 'san uibh 's a thabhairt aisti

Sé sgaras gach bean le na leanbh

Tóin a laoigh agus a searach

Tá fear cóireach a'm i bhfluitheas

Tighearna tréan na mbriathra blasta

Agus ban tighearna na bhfinneach ciach ghealla

Mar sin fhéin a sgaoil a cheangal

Agus a shiubhail leis na cianta fada

Agus cuimhrigh m'anam ar do thaisge

Agus 's olc mé in éiric do mhasla."

(Leigfeadh Dia isteach í an uair sin marach gur lean sí dhon dán mar seo.)

"Cuimhnigh gur mé Eilis Ní Mhaltair"

"Marach an méid sin adubhairt tú leigfhinn isteach tú" adeir mac Dé

Nuair a d'airigh Donachadha taobh amuigh í dubhairt sé "mo leath istigh 's mo leath amuigh agus leigim chugat é a Mhic Dé gur furasta duine chuir amach nach mbionn teacht aige dhó fhéin."

"Is fíor sin a Dhonachadha" adeir Mac Dé "leigfhidh mise isteach í ach deanfhaidh mé dál dhí. Ní feicfhidh sí aon amharc orm-sa."

Leig sé isteach í agus rinne sé dál di.

15/20/31.